

# Colscardh | le Pádraig Mac Shuibhne | A1 Notes

## Cúlra an fhile:

Rugadh agus togadh an file, Pádraig Mac Shuibhne in Ard an Rátha, Co. Dhún na nGall sa bhliain 1942. D'oibrigh se mar mhúinteoir agus, ina dhiaidh sin, mar phríomhoide. Tá spéis aige i gcúrsaí dramaíochta. I measc na saothar (*works*) atá foilsithe aige tá 'Spaisteoireacht' agus 'Solas Uaighneach'.

## Téama:

Is é an pósadh agus na deachtractaí atá ag baint leis, téama an dáin seo. Sa dán álainn seo, tugann an file léargas cuimsitheach, luachmhar ach diúltach (*memorable, comprehensive and negative insight*) dúinn ar an bpósadh. Nuair a phós an lánúin seo is dócha go raibh an-chion acu ar a chéile, áfach is amhlaidh nách raibh siad oiriúnach dá cheile (*not suitable for each other*) ar chorr ar bith. Dá bhrí sin, nuair a fheoigh bláth an ghrá (*when the buds of love withered*) tháinig said ar an tuiscint gur dhaoine an-dhifriúla iad.

Sa dán seo, feicimid go dtagann deacrachtaí agus constaicí (*obstacles*) lámh i lámh leis an bpósadh. Tá éilimh (*demands*) an dís seo ag teacht salach ar a chéile (*conflicting*). Ach, ar an drochuair (*unfortunately*), ní raibh an lánúin seo in ann teacht ar chomhghéilleadh (*compromise*) agus mar sin ní raibh an dara suí sa bhuaile acu (*they had no other choice but to...*) ach chun scarúint, "scaradar". Tá an teachtaireacht (*message*) rí-thábhachtach; tosaíonn gach caidreamh ag creimeadh muna mbíonn an lánúin ábalta teacht ar chomhréiteach.

Is é comhionanas/cothromaíocht (*equality*) téama eile atá faoi chaibidil sa dán seo.

## Íomhánna:

Faighimid dhá príomh-íomha sa dán, ceann amháin den fhear agus ceann eile den bhean.

Agus, ní haon ionadh é go bhfuil mianta agus dearcaí (*outlooks*) difriúla acu agus tá an dán bunaithe ar an gcodarsnacht (*contrast*) seo.

Ar an gcéad dul síos, is duine traidisiúnta, coimeádach agus seanfhaiseanta é an fear.

Teastaíonn pósadh traidisiúnta uaidh. Ba mhaith leis a bheith ag maireachtaint ina cheantar dúchais (*native land*). Bhí sé ag tnúth go mór le saol pósta, leis a bhean chéile ag tógail na bpaistí, ag déanamh oibre an tí agus ag tabhairt aire dóibh. Bhí sé ag lorg mná a bhí toilteanach, curamaí, agus in ann traidisúnta an tí a chomhlíonadh. (*... a woman who was willing to fulfil the traditional household duties*)

Áfach, roghnaigh sé an bhean mícheart! Tá a mhalairt de dhearcadh ag an mbean. Tá a tnútháin (*expectations*) i bhfad ó mhianta a fear céile. Shamhlaigh sí (*she imagined*) go mbeadh siad ag comh-oibriú le chéile, ag dáileadh an údaráis eatarthu, agus go mbeadh an fear chéile ag tabhairt láimh chúnta (*a helping hand*) di leis an obair tí. Is léir gur duine nuaimseartha í. Téastaíonn neamhspléachas, maointe (*riches*) agus cothrom na féinne uaithí ón bpósadh. Tá a smaointe dirithe (*focused on*) ar rudaí taobh amuigh den bhaile; mar shampla ábharachas (*materialism*) agus laethanta "saoire thar lear". Bhí súil aici go mbeadh saidrachamasach agus go mbeadh ainm in airde acu (*high reputation*) sa phobal, "meas na mílte".

Nuair a tháinig crú ar an tairgne (*when push came to shove*) bhí bearna dólíonta (*unbridgeable*) eatarthu agus dá bhrí sin bhí orthu scarúint óna chéile.

## Mothúcháin:

Gan aon agó, is iad díoma agus aiféala (*regret*) na mothúcháin is láidre sa dán iontach seo.

Tá na mothúcháin seo le brath agus le chloistéail tríd an dáin ar fad, ach go háirithe sa líne deireanach:

“Thángthas ar réiteach, scaradar”

Tá an íoróin (*irony*) an-suntasach sa líne seo. Ceapann an file gur tragóid dhaonna é an colscaradh mar bhí an lánúin seo i ngrá, tráth dá raibh (*once upon a time*) ach níor mhair sé. Is é comhréiteach bunchloch an chaidrimh (*compromise is the foundation of a relationship*) ach bhí sé in easnamh anseo, agus is mór an trua é seo. Spreagann sé brón ionam féin.

## **Teicnicí Filíochta:**

### **Friotal:**

Usáideann sé friotal simplí agus dúchasach chun saol traidisiúnta, tíriúil agus teolaí (*comfy and homely*) a chur ós ár gcomhair m.s., “nead a chine”, “leac a thine”...

Sa dara leath úsáidtear nathanna a bhaineann le cothromaíocht agus ábharachas chun saol nua-aimseartha a nochtadh, m.s., “leath den chiste”

Chomh maith leis sin, tá an gontacht (*sharpness*) agus fuacht sa líne dheiridh an-éifeachtach. Ina dhiadh sin tá an líne scartha ón gcuid eile den dán chun béim a chur air.

### **Meafair:**

‘Nead a chine’- Is áit teolaí agus shábhailte é an nead agus músclaítear (*are evoked*) suaimhneas agus gliondar ionainn nuair a chloisimid an focal.

'Ar leac a thine'- Cuireann sé grá, compórd agus suaimhneas in iúil dúinn

'Saoire thar lear'- Ta saint agus leithleas (*greed and selfishness*) intuigthe (*implied*) uaidh seo. Is léir go bhfuil an file claonta (*biased*) i leith an fhir, agus cáintear an bhean anseo mar níl sí ag smaoineamh mar gheall ar a clann, tá a smaointe go leor dírithe uirthí féin.

### **Meadaracht:**

Úsáidtear rosc mar mheadaracht an dáin. Tá dhá bhéim i ngach líne. Tá rím dheiridh tríd an dáin, leis. M.s; a chine ... a thine ... a chlainne.